Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Sracfheachaint ar ár bPlean Corporáideach

# 2025 2029



ÁR BHFÍS:

# BAILE ÁTHA CLIATH: CATHAIR RATHÚIL DO CHÁCH

- Glan
- Glas
- Sábháilte
- Ináitrithe
- Spleodrach
- Inrochtana

Tar éis di dul i gcomhairle leis an bpobal, le Comhairleoirí tofa agus leis an bhfoireann, tá a Plean Corparáideach nua cruthaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ann sin leagtar fís amach do na chéad chúig bliana eile chomh maith le spriocanna uaillmhianacha a chuideoidh leis an bhfís sin a thabhairt i gcrích.




# ÁR SPRIOCANNA DON CHATHAIR

Is iad seo a leanas ár 5 phríomhsprioc agus cuspóirí straitéiseacha is tosaíochtaí don chathair

**SPRIOC**

## Tithe sóisialta agus inacmhainne atá inrochtana, sábháilte agus ar ardchaighdeán a fhorbairt.



- Soláthar na dtithe a bhrostú.
- Easpa dídine a laghdú agus a chinntiú go bhfaigheann na daoine sin atá ag fulaingt de bharr easpa dídine, nó atá i mbaol easpa dídine, seirbhísí ar ardchaighdeán.
- Tithíocht ionchuimsitheach a chothabháil ina bhfásann pobail bhríomhara agus ina mbíonn daoine bródúil as bheith ina gcónaí ann.

## SPRIOC

# Líonra de chomharsanachtaí rathúla a fhorbairt inar féidir le gach duine rochtain a fháil ar sheirbhísí ardchaighdeáin a thacaíonn le pobail chuimsitheacha.

- Áiseanna pobail, cultúrtha, spóirt, páirceanna agus áineasa na Cathrach a mhéadú agus a fheabhsú.
- Oibriú le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú.
- Comhtháthú a chur chun cinn trí chláir ionchuimsithe sóisialta agus forbartha pobail, lena n-áirítear cláir agus gníomhaíochtaí Gaeilge.
- Carachtar uathúil Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh chun muintearas agus mórtas a thógáil.



## SPRIOC

# Forbairt Bhaile Átha Cliath a threorú ionas go mbeidh sé ar cheann de na réigiúin chathrach is dinimiciúla san Eoraip.


- Forbairt spásúlachta na cathrach a threorú chun cáilíocht na beatha, iomaíochas eacnamaíoch, oidhreacht chultúrtha agus athléimneacht chomhshaoil a fheabhsú.
- Geilleagar cliste, glas, nuálaíoch a chomhchruthú lenár gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus turasóireachta.
- Talamh agus foirgnimh a athnuachan, a fhorbairt agus a athúsáid chun ceantair ar fud na cathrach a athbheochan.
- Athbheochan lár na cathrach a threorú chun príomhchathair ghlan, sábháilte, inrochtana agus rathúil a chruthú.



## SPRIOC

# Cathair ghlan, ghlas, shláintiúil, shábháilte agus dhea-nasctha a chruthú agus a chothabháil le ríocht phoiblí bhríomhar.

- Ceann de na cathracha is glaine san Eoraip a chruthú.
- An ríocht phoiblí a chothabháil agus a athnuachan chun spásanna poiblí sábháilte, inrochtana agus taitneamhacha a chruthú.
- Timpeallacht inrochtana le líon beag tráchta a sholáthar chun tacú le hiompar inbhuanaithe agus feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí.
- Líonra Taistil Ghníomhaigh a chruthú chun athrú a dhéanamh ar an mbealach a dtaistealaíonn daoine de shiúl na gcos, ar rothaí agus ar rothair.
- Aistriú seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann a chur i gcrích.



## SPRIOC

# Aistriú na Cathrach chuig todhchaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a threorú agus í a mholadh.

- An iarracht chomhoibríoch a threorú chun iompar agus córais a athrú chun spriocanna aeráide a bhaint amach.
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa inár gcuid oibríochtaí a laghdú go suntasach.
- Acmhainn Bhaile Átha Cliath a neartú chun éifeachtaí an athraithe aeráide a chosc agus chun dul in oiriúint dóibh.
- Córais draenála uisce dromchla agus dobharlaigh na cathrach a bhainistiú go rathúil.
- Feabhas a chur ar thimpeallacht na cathrach, lena n-áirítear a cháilíocht aeir.
- Freagraí éigeandála a fheabhsú agus cumhacht a thabhairt do phobail chun fanacht slán.

Seo thíos na 4 sprioc chumasúcháin lena neartófar ár n-eagraíocht agus lena gcinnteofar gur féidir linn ár bhfís a bhaint amach:

## Leanúint ar aghaidh ag neartú ár n-éifeachtachta eagraíochtúla chun freastal ar bhealach níos fearr ar Bhaile Átha Cliath.

- Béim a chur ar na bunghnéithe agus seirbhísí riachtanacha laethúla a sheachadadh go maith ar bhonn comhsheasmhach.
- Oibriú le chéile mar Chomhairle Amháin, Foireann Amháin.




## Ár ndaoine, ár n-áiteanna agus ár mbealaí oibre a fhorbairt le gur féidir seirbhísí den scoth atá dírithe ar an saoránach a sholáthar.

- Muinín an phobail a neartú trí dhea-rialachas, cumarsáid réamhghníomhach agus rannpháirtíocht saoránach.
- An turas a bhrostú i dtreo seachadta seirbhísí digiteacha atá dírithe ar an saoránach.
- Cinntiú go bhfuil ár n-ionaid oibre tíosach ar charbón agus freastal níos fearr ar riachtanais na n-úsáideoirí go léir
- Daoine inniúla a choinneáil inár measc agus a mhealladh ionas go mbeidh na scileanna agus an cumas againn riachtanais na Cathrach a fhreagairt.



## Tacú le seachadadh éifeachtach agus trédhearcach maidir le próisis dhaonlathacha agus reachtúla.

- Tacú le Comhaltaí Tofa le gur féidir leo a róil agus na feidhmeanna a leagadh orthu a chomhlíonadh.
- Seirbhísí dlí a sholáthar do gach limistéar feidhme de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar bhealach tráthúil praiticiúil.



## Bonn airgeadais agus teicneolaíochta a sholáthar a chuireann ar ár gcumas seirbhísí a fheabhsú.

- Maoiniú inbhuanaithe, rialachas airgeadais láidir agus luach ar airgead a sholáthar inár n-oibríochtaí.
- Teicneolaíocht shlán fhorásach a sholáthar chun tacú le bealaí nua oibre agus lenár spriocanna go léir.



PRIONSABAIL CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH:

- Cothroime, ionracas, macántacht agus an leas coiteann
- Comhionannas agus Cearta an Duine
- Meas agus luach
- Inbhuanaitheacht
- Trédhearcacht agus Cuntasacht
- Comhoibriú agus Nuálaíocht

Téigh chuig:

dublincity.ie

chun an Plean Corparáideach iomlán a léamh

